	<b>Application Forms</b>	Where applications are provided as separate Irish and English versions, equal prominence will be given to both versions at public locations.	<b>Ongoing</b>
	<b>Public Meetings</b>	The Council will conduct its public meetings in both English and Irish. Agendas will be published in English. However, all motions and questions submitted in Irish are replied to bilingually on the Council's meeting administration system (CMAS) and available to the public.	<b>Ongoing</b>
		Irish Language training will be made available to Councillors interested in improving their competency in the use of the Irish language.	<b>Year One</b>
		Irish language materials/resources will available to elected members through membersnet to facilitate the development and delivery of services through Irish.	<b>Year One</b>
	<b>Publications</b>	In relation to the mandatory commitment given above regarding publications to be published simultaneously in Irish and English - the normal practice of the Council is that the Irish and English versions will be produced together in one document.	<b>Ongoing</b>

<b>Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn</b>		custaiméir a threorú chuig oifigeach is Gaeilgeoir sa limistéar seirbhíse ábhartha. I gcás nach mbeadh Gaeilgeoir ar bith ar fáil sa limistéar seirbhíse ábhartha, is é gníomhaire is Gaeilgeoir a gheobhaidh an freagra ó oifigeach sa limistéar seirbhíse ábhartha, agus a chuirfidh an custaiméir ar an eolas ar a seal féin.  Freagróidh gach gníomhaire cúraim custaiméara glaoiteoirí seachtracha thar an nguthán le beannacht dhátheangach mar íosmhéid (de réir mar is cuí).	<b>Ar bun</b>
	<b>Fógraí Réamhthairfeadta ó Bhéal</b>	Beidh gach beannacht réamhthairfeadta gutháin agus teachtaireachtaí lasmuigh de ghnáthuaireanta ar fáil go dátheangach; agus athbhreithneofar iad ar bhonn rialta le comhlíonadh a áirithiú.	<b>Ar bun</b>
	<b>Fógraí beo</b>	Is amhlaidh a dhéanfar fógraí beo go dátheangach de réir mar is cuí agus de réir mar is féidir.	<b>Bliain a dó</b>
	<b>Cumarsáid i scríbhinn</b>	Freagrófar an chumarsáid i scríbhinn a fhaightear sa phost nó i ríomhphost ón bpobal, ó eagrais eile nó ó ionadaithe tofa sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. Ba cheart nach mbeadh an tseirbhís trí Ghaeilge ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís trí Béarla. Tá córas i bhfeidhm ag an gcomhairle chun gach comhfhreagras a fhaightear trí Ghaeilge a thairfeadh.	<b>Ar bun</b>
	<b>Bileoga Eolais/ Bróisiúir</b>	I gcás go soláthraítear bróisiúir nó bileoga eolais ina leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh, tabharfar comhstádas don dá leagan ag suíomhanna poiblí.	<b>Ar bun</b>

		It may be necessary in some cases, such as when the original document is very large, to issue separate Irish and English versions for a particular publication. If separate Irish and English versions are produced, each document will contain a statement that a version is available in the other language.	
<b>Media</b>	<b>Press Releases</b>	Press notices and releases relating to the Irish Language will be issued bilingually and simultaneously as a matter of course.	<b>Year One</b>
		The Council will increase the number of press releases issued through the Irish language by 10%.	<b>Ongoing</b>
		Notices and advertisements published in local/national newspapers where the subject matter relates specifically to Irish language issues will be published bilingually.	<b>Ongoing</b>
	<b>Media Spokespersons</b>	South Dublin County Council will put forward a person competent in the Irish language for any relevant media requests.	<b>Year Two</b>
	<b>Speeches</b>	South Dublin County Council will include the Irish language in speeches given by representatives of the Mayor's Office.	<b>Ongoing</b>
	<b>Social Media</b>	Irish language posts will be used to promote any area or event related to the Irish language.	<b>Ongoing</b>

<b>Cumarsáid ó Bhéal / i Scríbhinn</b>	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Gheofar réamhrá agus achoimre ghairid trí Ghaeilge sna bileoga eolais (de réir mar is cuí).	<b>Ar bun</b>
		I gcás go soláthraítear iarratais ina leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh, tabharfar comhstádas don dá leagan ag suíomhanna poiblí.	<b>Ar bun</b>
	<b>Cruinnithe Poiblí</b>	Beidh cruinnithe poiblí na Comhairle ar siúl trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. Is i mBéarla a fhoilseofar na cláir. Is amhlaidh ámh a fhreagraítear gach tairiscint agus ceist a chuirtear isteach i nGaeilge go dátheangach ar chóras riaracháin cruinnithe na Comhairle (CMAS) agus bíonn siad ar fáil don phobal.	<b>Ar bun</b>
		Cuirfear oiliúint Ghaeilge ar fáil do Chomhairleoirí ar spéis leo a gcumas in úsáid na Gaeilge a fheabhsú.	<b>Bliain a haon</b>
		Beidh ábhair/acmhainní Gaeilge ar fáil do chomhaltaí tofa trí membersnet chun éascú d'fhorbairt agus do sheachadadh na seirbhísí trí Ghaeilge.	<b>Bliain a haon</b>
	<b>Foilseacháin</b>	Maidir leis an tiomantas éigeantach a thugtar thuas i ndáil le foilseacháin le foilsiú go comhuaineach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla - is é gnáthchleachtadh na Comhairle go léireofar na leaganacha Gaeilge agus Béarla le chéile in aon cháipéis amháin.  B'fhéidir go gcaithfí leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh a eisiúint i gcás foilseachán ar leith, cuir i gcás nuair is cáipéis fhíormhór atá sa cháipéis bhunaidh. Má léirítear leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh, gheofar i ngach aon cháipéis ráiteas go mbeidh leagan ar fáil sa teanga eile.	<b>Ar bun</b>

<b>Information Technology</b>	<b>Email</b>	A generic email address for Irish queries is available gaeilge@athcliaththeas.ie. The Council will ensure that such queries are addressed in accordance with the Council's Customer Care Policy.	<b>Ongoing</b>
	<b>Websites</b>	The Council will continue to update the static content on the Council and library websites in both Irish and English.	<b>Ongoing</b>
		The Council will promote the use of the Irish version of the Fix Your Street website www.deisighdoshraid.ie.	<b>Ongoing</b>
		The Irish Information Page which is available on the Council's website www.sdcc.ie will be regularly updated to promote services and events available to the public in Irish.	<b>Ongoing</b>
	<b>Computer Systems</b>	The Council's staff intranet will include an Irish Language Resource Section for staff.	<b>Year Two</b>
	<b>Interactive Services</b>	Any new online interactive services will be introduced simultaneously in Irish and English (where appropriate).	<b>Ongoing</b>
<b>Signage</b>	The Council's public image and corporate identity is bilingual. The Council's title, corporate image and any related design will also be bilingual on all signs and notices on or in its property and publications. The text in Irish shall be as prominent, visible and legible as the text in English in accordance with the legislation.	<b>Ongoing</b>	

<b>Na Meáin</b>	<b>Preaseisiúintí</b>	Eiseofar fógraí meán agus preaseisiúintí i ndáil leis an nGaeilge go dátheangach agus go comhuaineach mar ghnáthchleachtadh.	<b>Bliain a haon</b>
		Méadóidh an Chomhairle líon na bpreaseisiúintí arna n-eisiúint trí mheán na Gaeilge faoi 10%.	<b>Ar bun</b>
		Is go dátheangach a fhoilseofar fógraí agus fógraíocht sna nuachtáin áitiúla/náisiúnta sa chás go mbaineann an t-ábhar go sonrach le saincheistanna Gaeilge.	<b>Ar bun</b>
	<b>Urlabhraithe na Meán</b>	Cuirfidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas duine ar fáil le cumas labhartha Gaeilge le haghaidh aon iarratas ábhartha ó na meáin.	<b>Bliain a dó</b>
	<b>Óráidí</b>	Áireoidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an Ghaeilge leis na hóráidí a thugann ionadaithe ó Oifig an Mhéara.	<b>Ar bun</b>
	<b>Na Meáin Shóisialta</b>	Bainfear leas as postálacha Gaeilge chun ceantar nó imeacht ar bith i ndáil leis an nGaeilge a chur chun cinn.	<b>Ar bun</b>
<b>Teicneolaíocht na Faisnéise</b>	<b>Ríomhphost</b>	Tá seoladh ríomhphoist cineálach ar fáil le haghaidh fiosruithe i nGaeilge gaeilge@athcliaththeas.ie. Áiritheoidh an Chomhairle go dtugtar aghaidh ar na fiosruithe sin i gcomhréir le Beartas Cúraim Custaiméara na Comhairle.	<b>Ar bun</b>
	<b>Láithreáin ghréasáin</b>	Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag nuashonrú ábhair stataigh ar láithreáin ghréasáin na Comhairle agus na leabharlainne i nGaeilge agus i mBéarla araon.	<b>Ar bun</b>

<b>Signage</b>		All newly provided and replacement public information signs for which the Council is responsible, including road signage, external and internal signs at buildings owned by the Council, will be bilingual in accordance with the legislation.	<b>Ongoing</b>
	<b>Placenames</b>	Planning for all new developments is approved by South Dublin County Council. Both the Irish and English Place names are registered on the Chief Executive Order as the official names.	<b>Ongoing</b>
<b>Placenames</b>		The Councils Land Use, Planning and Transportation Strategic Policy Committee are currently examining a protocol for the naming of bridges/parks/plazas in South Dublin County. The committee will take into consideration the importance of Irish Language placenames which are a link to the history and heritage of an area.	<b>Ongoing</b>
		The Council has produced a database of South Dublin Placenames and Streetnames and has published a document that provides a list of bilingual placenames and streetnames. The Council will continue to update this database with all new developments.	<b>Ongoing</b>
		The Council will seek advice from the Placenames Branch of the Department of Media, Tourism, Arts, Culture, Sport and the Gaeltacht who provide an advice service on place names if required.	<b>Ongoing</b>

		Cuirfidh an Chomhairle chun cinn úsáid de leagan Gaeilge den láithreán gréasáin Deisigh do Shráid <a href="http://www.deisighdoshraid.ie">www.deisighdoshraid.ie</a> .	<b>Ar bun</b>
		Nuashonrófar go rialta Leathanach Eolais i nGaeilge atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle <a href="http://www.sdcc.ie">www.sdcc.ie</a> d'fhonn seirbhísí agus imeachtaí a bhíonn ar fáil don phobal i nGaeilge a chur chun cinn.	<b>Ar bun</b>
	<b>Córais Ríomhaireachta</b>	Áireofar le hinlíon foirne na Comhairle Rannóg Acmhainní Gaeilge le haghaidh na foirne.	<b>Bliain a dó</b>
	<b>Seirbhísí Idirghníomhacha</b>	Tabharfar isteach seirbhísí idirghníomhacha ar líne nua ar bith go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (de réir mar is cuí).	<b>Ar bun</b>
<b>Comharthaíocht</b>	<b>Comharthaíocht</b>	Is dátheangach í íomhá phoiblí agus aitheantas corparáideach na Comhairle. Beidh teideal, íomhá chorparáideach agus aon dearadh gaolmhar ar bith de chuid na Comhairle dátheangach freisin ar gach comhartha agus fógra nó ar a maoin agus ar a foilseacháin. Beidh an téacs i nGaeilge chomh suntasach, infheicthe agus inléite céanna le téacs an Bhéarla i gcomhréir leis an reachtaíocht.	<b>Ar bun</b>
		Gach comhartha eolais phoiblí nuacheaptha agus athsholáthair dá mbíonn an Chomhairle freagrach, lena n-áirítear comharthaíocht bóithre, comharthaí seachtracha agus inmheánacha ag foirgnimh faoi úinéireacht na Comhairle; beidh siad ar fáil go dátheangach i gcomhréir leis an reachtaíocht.	<b>Ar bun</b>

<b>Gaelscoileanna and Other Irish Language Organisations in South Dublin County</b>	<b>Gaelscoileanna and Other Irish Language Organisations in South Dublin County</b>	South Dublin County Council continues to recognise and acknowledge the use of Irish/bilingualism in Gaelscoileanna and other Irish Language Organisations including Áras Chrónáin, Ionad Cultúrtha and Gaelphobal Thamhlachta.	<b>Ongoing</b>
---	---	--	----------------

<b>Logainmneacha</b>	<b>Logainmneacha</b>	Is í Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a thugann faomhadh don phleanáil le haghaidh na bhforbairtí nua go léir. Cláraítear na logainmneacha Gaeilge agus Béarla araon ar ordú an Phríomhfheidhmeannaigh mar na logainmneacha oifigiúla.	<b>Ar bun</b>
		Tá Coiste Beartais Straitéisigh na Comhairle maidir le hÚsáid Talún, Pleanáil agus Iompair ag iniúchadh prótacail faoi láthair d'ainmniú droichead/páirceanna/plásóg i gContae Bhaile Átha Cliath Theas. Tabharfaidh an coiste san áireamh tábhacht na logainmneacha Gaeilge ar nasc iad le stair agus le hoidhreacht ceantair faoi leith.	<b>Ar bun</b>
		Léirigh an Chomhairle bunachar sonraí de Logainmneacha agus Sráidainmneacha Bhaile Átha Cliath Theas, agus d'fhoilsigh doiciméad ina soláthraítear liosta logainmneacha agus sráidainmneacha dátheangacha. Coinneoidh an Chomhairle uirthi ag nuashonrú an bhunachair shonraí sin le gach forbairt nua.	<b>Ar bun</b>
		Gheobhaidh an Chomhairle comhairle ó Bhrainse Logainmneacha na Roinne Meán, Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Spóirt agus Gaeltachta a sholáthraíonn seirbhís chomhairleach maidir le logainmneacha más gá.	<b>Ar bun</b>
<b>Gaelscoileanna agus Eagraíochtaí Gaeilge Eile i gContae Bhaile Átha Cliath Theas</b>	<b>Gaelscoileanna agus Eagraíochtaí Gaeilge Eile i gContae Bhaile Átha Cliath Theas</b>	Coinníonn Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas uirthi ag tabhairt aitheantais d'úsáid na Gaeilge/an dátheangachais sna Gaelscoileanna agus sna hEagraíochtaí Gaeilge eile lena n-áirítear Áras Chrónáin, Ionad Cultúrtha agus Gaelphobal Thamhlachta.	<b>Ar bun</b>

## Chapter 5: Improving Language Capability

### 5.1 Recruitment

The recruitment of staff with the appropriate level of competence in the Irish language in each area of work of South Dublin County Council will be the primary means of optimising the availability of services through Irish. Our recruitment policy, which is subject to the framework of agreed national recruitment procedures, will have regard to the need to improve Irish language capability on an incremental basis.

All new staff will be provided with an induction pack containing a copy of our agreed scheme in order to ensure that they are made aware of our commitments under the legislation.

### 5.2 Training and Development

South Dublin County Council is committed to making available opportunities for staff to attend appropriately accredited Irish language training courses, as resources permit. All staff will be advised of facilities/opportunities to improve their competency in Irish.

		Commitment	Timeline By end Yr 1/ Yr 2 / Yr 3
<b>Improving Irish Language Capability</b>	<b>Recruitment</b>	South Dublin County Council will continue to review which posts require competency in Irish (both written and oral) throughout the organisation. The Council will allocate staff competent in the Irish language across departments to support the delivery of services through Irish. Contact details for Irish language services will be provided on the Council's website and intranet.	<b>Ongoing</b>

## Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

### 5.1 Earcaíocht

Is é earcú na mball foirne leis an leibhéal inniúlachta iomchuí sa Ghaeilge i ngach aon limistéar oibre de chuid Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a bheidh mar an príomhbhealach chun infhaighteacht seirbhísí trí Ghaeilge a bharrfheabhsú. Féachfaidh ár mbeartas earcaíochta, a thagann faoi réir chreat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe, don éileamh chun cumas Gaeilge a fheabhsú de réir a chéile.

Soláthrófar paca ionduchtaithe do gach ball foirne nua ina bhfaighfear cóip dár scéim chomhaontaithe chun a chinntiú gur feasach dóibh ár ngealltanais de réir na reachtaíochta.

### 5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tiomanta chun deiseanna a chur ar fáil do na baill foirne a fhreastalaíonn ar chúrsaí oiliúna Gaeilge le creidiúnú iomchuí, de réir mar is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil di. Cuirfear gach ball foirne ar an eolas maidir leis na saoráidí/deiseanna chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Tráthlíne Faoi dheireadh na Bl. 1/ I. 2 / Bl. 3
<b>Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú</b>	<b>Earcaíocht</b>	Coinneoidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas uirthi ag athbhreithniú na bpost óna dteastaíonn inniúlacht sa Ghaeilge (idir Ghaeilge scríofa agus labhartha) ar fud na heagraíochta. Leithdháilfidh an Chomhairle baill foirne le cumas sa Ghaeilge ar fud ranna chun tacú le seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Is ar láithreán gréasáin agus inlíon na Comhairle a sholáthrófar sonraí teagmhála le haghaidh seirbhísí Gaeilge.	<b>Ar bun</b>

<b>Improving Irish Language Capability</b>	<b>Training</b>	<p>South Dublin County Council is committed to improving the knowledge and skills of employees to ensure that all staff are actively encouraged and given the opportunity to improve their Irish language competence. Audits of the demand for services through Irish will be carried out on a regular basis by the Corporate Performance and Change Management Directorate and will inform our Training Plan.</p> <p>The Council will include language awareness as part of both the induction process and ongoing training so as to ensure that new and existing staff:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a. understand why the Council implements a bilingual policy</li> <li>b. understand the context and background to the policy; and</li> <li>c. are fully informed about how the policy will affect their work.</li> </ul>	<b>Ongoing</b>
	<b>Participation in language promotion activities / Provision of resources</b>	Irish language materials will be made available to staff through South Dublin County Council's staff intranet to facilitate the development and delivery of services through Irish.	<b>Year Two</b>
		Recognise staff undertaking Irish language training so as to encourage and promote the development of services through Irish by staff, and to recognise the endeavours of staff.	<b>Ongoing</b>
		Support for staff who wish to undertake training courses in the Irish Language through the Scheme of Financial Assistance provides support.	<b>Ongoing</b>

<b>Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú</b>	<b>Oiliúint</b>	<p>Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas tiomanta d'fheabhsú eolas agus scileanna na bhfostaithe chun a chinntiú go dtugtar spreagadh gníomhach agus deis do gach ball foirne a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú. Is í an Stiúrthóireacht maidir le Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistiú Athruithe a thabharfaidh faoi iniúchtaí ar an éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ar bhonn rialta; agus is leosan a mhúnlófar ár bPlean Oiliúna.</p> <p>Áireoidh an Chomhairle feasacht teanga mar chuid den phróiseas ionduchtaithe agus den oiliúint leanúnach araon sa chaoi chun a áirithiú go dtuigeann baill foirne nua agus reatha:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>a. an fáth a gcuireann an Chomhairle beartas dátheangach chun feidhme</li> <li>b. an comhthéacs agus an cúlra leis an mbeartas; agus</li> <li>c. go mbíonn eolas iomlán acu ar an gcaoi ina rachaidh an beartas i bhfeidhm ar a gcuid oibre.</li> </ul>	<b>Ar bun</b>
	<b>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil</b>	Cuirfear ábhair Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne trí inlíon foirne Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas chun éascú d'fhorbairt agus do sheachadadh na seirbhísí trí Ghaeilge.	<b>Bliain a dó</b>
		Aitheantas a thabhairt do na baill foirne a thugann faoi oiliúint sa Ghaeilge sa chaoi go dtabharfar spreagadh agus go gcuirfear chun cinn forbairt seirbhísí trí Ghaeilge ag na baill foirne, agus aitheantas a thabhairt d'iarreachtaí na mball foirne.	<b>Ar bun</b>
		Tacaíocht do na baill foirne ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí oiliúna sa Ghaeilge tríd an Scéim Cúnamh Airgeadais chun tacaíocht a sholáthar.	<b>Ar bun</b>

## Chapter 6: Monitoring and Review

The implementation of the scheme will be monitored and reviewed on a regular basis by South Dublin County Council's Communications Unit. The contact person for the scheme will be the Communications Manager.

A formal system for monitoring requests for services through Irish will be available and recorded in our Annual Report.

Guidance and a summary of this scheme will be issued to all staff on the nature and purpose of the scheme and its requirements and on operating its measures, including the uses of translation services, good practice, and ways in which both Irish speaking and non-Irish speaking officers can help the public to obtain a good service. Progress reports on the Irish Language Scheme will be provided to the Council's Arts, Heritage, Gaeilge and Libraries Strategic Policy Committee.

### Complaints

The Council values comments from members of the public and would wish to know if things go wrong or if they can be improved. The Council would wish to do everything it can to meet genuine concerns and it has an official complaints procedure.

Complaints received in Irish or concerning the standard of Irish language services are processed as part of the Council's corporate complaint procedure. The procedure outlines our standards for dealing with complaints promptly and efficiently as part of our commitment to provide quality customer services to all members of the public.

Complaints can be sent by email to [Gaeilge@athcliaththeas.ie](mailto:Gaeilge@athcliaththeas.ie) or by post to –

**Corporate Performance and Change Management,  
South Dublin County Council,  
County Hall,  
Tallaght,  
Dublin 24.**

## Caibidil 6: Faireachán agus Athbhreithniú

Déanfaidh Aonad Cumarsáide Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas faireachán agus athbhreithniú ar chur chun feidhme na scéime ar bhonn rialta. Is é an Bainisteoir Cumarsáide a fheidhmeoidh mar theagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, agus taifeadfar an méid céanna inár dTuarascáil Bhliantúil.

Soláthrófar treoir agus achoimre den scéim do gach ball foirne maidir le cineál agus cuspóir na scéime agus a ceanglais agus maidir le hoibriú a beart, lena n-áirítear úsáidí na seirbhísí aistriúcháin, dea-chleachtas, agus bealaí inar féidir le hoifigigh is Gaeilgeoirí agus is neamhGaeilgeoirí cuidiú leis an bpobal seirbhís mhaith a fháil. Soláthrófar tuarascálacha dul chun cinn faoin Scéim Gaeilge do Choiste Beartais Straitéisigh na Comhairle maidir leis na hEalaíona, an Oidhreacht, an Ghaeilge agus na Leabharlann.

### Gearáin

Is mór ag an gComhairle tráchtanna ó dhaoine den phobal, agus ba mhaith léi a fháil amach má théann cúrsaí amú nó an féidir iad a fheabhsú. Ba mhaith leis an gComhairle gach iarracht a dhéanamh chun ábhair imní fóra a shásamh, agus tá nós imeachta oifigiúil aici maidir le gearáin.

Próiseáiltear na gearáin a fhaightear i nGaeilge nó maidir le caighdeán na seirbhísí Gaeilge mar chuid de nós imeachta na Comhairle maidir le gearáin chorparáideacha. Déantar achoimre sa nós imeachta ar ár gcaighdeán chun plé le gearáin go pras agus go héifeachtúil mar chuid dár dtiomantas chun seirbhísí custaiméara den scoth a sholáthar do gach duine den phobal.

Is féidir gearáin a sheoladh i ríomhphost chuig [Gaeilge@athcliaththeas.ie](mailto:Gaeilge@athcliaththeas.ie) nó sa phost chuig –

**Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistiú Athruithe,  
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas,  
Halla an Chontae,  
Tamhlacht,  
Baile Átha Cliath 24.**

## Chapter 7: Publicising of Agreed Scheme

This scheme will be publicised both internally and externally, through a press release initially. A bilingual version of the scheme will be made available on our website and circulated to all staff and appropriate agencies. Other means to publicise the scheme may also be used.

In addition, we will take every opportunity in our day to day interaction with customers to promote and publicise the services we provide in Irish through the following means:

- directly informing customers on a proactive basis of the option of conducting business with us through Irish, for example, by the display of notices at reception areas indicating the Irish language services that are available;
- prominently listing these services on our website;
- signifying on selected guidelines, leaflets and application forms that these documents are also available in Irish, unless presented bilingually;
- giving equal prominence to Irish and English language materials.

A copy of the agreed scheme will be forwarded to the Office of An Coimisinéir Teanga.

## Caibidil 7: Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar an scéim sin a phoibliú go himheánach agus go seachtrach, trí phreaseisiúint ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus dáilfear é chuig gach ball foirne agus gníomhaireacht iomchuí. Féadfar leas a bhaint freisin as meán eile chun an scéim seo a phoibliú.

Ina theannta sin, glacfaimid gach aon deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a sholáthraimidne i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú tríd na modhanna seo a leanas:

- eolas díreach a thabhairt do chustaiméirí ar bhonn onghníomhach faoin rogha gnó a dhéanamh trí Ghaeilge linne, mar shampla fógraí a thaispeáint ag an bhfáiltiú ag tabhairt le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí úd a chur i bhfoirm liosta ar ár láithreán gréasáin;
- tabhairt le fios ar threoirínte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe go mbíonn na doiciméid sin ar fáil trí Ghaeilge freisin, mura gcuirtear i láthair go dátheangach iad;
- an suntas céanna a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla araon.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

## Appendices

The following performance statistics will be monitored and delivered to elected members..

Indicator	Frequency	Responsibility
The number of staff who are able to speak Irish so as to maintain a central directory of Irish speaking staff on the staff intranet.	Strategic Policy Committee	Corporate Performance and Change Management
Faireachán ar líon na bhFiosruithe Cúraim Custaiméara a fhaightear i nGaeilge	Monthly Council Meeting	Corporate Performance and Change Management
Líon na gcuairteoirí chuig leagan Gaeilge de láithreán gréasáin na Comhairle.	Strategic Policy Committee	Corporate Performance and Change Management

## Aguisíní

Déanfar na staitisticí feidhmíochta seo a leanas a fhaireachán agus a sheachadadh do na comhaltaí tofa.

Táscaire	Minicíocht	Freagracht
An líon foirne ar féidir leo Gaeilge a labhairt sa chaoi chun eolaire lárnach na mball foirne is Gaeilgeoirí a chothabháil ar inlíon na foirne.	Coiste Beartais Straitéisigh	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistiú Athruithe
Faireachán ar líon na bhFiosruithe Cúraim Custaiméara a fhaightear i nGaeilge	Cruinniú Míósúil na Comhairle	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistiú Athruithe
Líon na gcuairteoirí chuig leagan Gaeilge de láithreán gréasáin na Comhairle.	Coiste Beartais Straitéisigh	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistiú Athruithe

Comhairle Contae Átha Cliath Theas  
South Dublin County Council

**Scéim na Gaeilge 2020-2023**  
**Irish Language Scheme 2020-2023**



**SERVICES SEIRBHÍSÍ**

**IRISH GAEILGE**

**HERITAGE OIÐHREACHT**

**SOUTH DUBLIN COUNTY COUNCIL COMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS**

**CULTURE CULTÚR**

**CITIZEN ENGAGEMENT RANNPHÁIRTÍOCHT NA nDAOIME**

**COMMUNITY POBAIL**

**LIBRARY LEBHARLANNA**

**LANGUAGE TEANGA**